# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

## An Ardteistiméireacht 2013

## Aistriúchán
## Ar Scéim Mharcála

## Tíreolaíocht

## Ardleibhéal

**Nóta do mhúinteoirí agus do scoláirí faoi úsáid na scéimeanna marcála foilsithe**

Níl na scéimeanna marcála a fhoilsíonn Coimisiún na Scrúduithe Stáit ceaptha lena n-úsáid mar cháipéisí astu féin. Is áis riachtanach iad ag scrúdaitheoirí a théann faoi oiliúint i léirléamh agus i gcur i bhfeidhm ceart na scéime. Mar chuid den oiliúint sin, as measc rudaí eile, déantar samplaí d'obair na scoláirí a mharcáil agus déantar plé ar na marcanna a bhronntar, mar mhaithe le cur i bhfeidhm ceart na scéime a shoiléiriú. Déanann Scrúdaitheoirí Comhairleacha monatóireacht ar obair na scrúdaitheoirí ina dhiaidh sin le cinntiú go gcuirtear an scéim mharcála i bhfeidhm go comhleanúnach agus go beacht. Bíonn an Príomhscrúdaitheoir i bhfeighil an phróisis agus is gnách go mbíonn Príomhscrúdaitheoir Comhairleach ag cuidiú leis. Is é an Príomhscrúdaitheoir an t-údarás deiridh i dtaca le cé acu a cuireadh an scéim mharcála i bhfeidhm i gceart ar aon phíosa d'obair iarrthóra nó nár cuireadh.
Is cáipéisí oibre na scéimeanna marcála. Cé go n-ullmhaítear dréachtscéim mharcála roimh an scrúdú, ní chuirtear bailchríoch uirthi go dtí go gcuireann scrúdaitheoirí i bhfeidhm ar obair iarrthóirí í agus go dtí go mbailítear agus go meastar an t-aiseolas ó na scrúdaitheoirí uile, i bhfianaise raon iomlán na bhfreagraí a thug na hiarrthóirí, leibhéal foriomlán deacrachta an scrúdaithe agus an ghá le comhleanúnachas caighdeán a choimeád ó bhliain go bliain. Aistriúchán ar an scéim chríochnaithe atá sa cháipéis fhoilsithe seo, mar a cuireadh i bhfeidhm ar obair na n-iarrthóirí uile í.

Is cóir a nótáil i gcás scéimeanna ina bhfuil freagraí nó réitigh eiseamláireacha nach bhfuil sé i gceist a chur in iúl go bhfuil na freagraí ná na réitigh sin uileghabhálach. D'fhéadfadh sé go bhfuil leaganacha éagsúla nó malartacha ann a bheadh inghlactha freisin. Ní mór do na scrúdaitheoirí tuillteanas gach freagra a mheas agus téann siad i gcomhairle lena Scrúdaitheoirí Comhairleacha nuair a bhíonn amhras orthu.

**Scéimeanna Marcála san am atá le teacht**

Ní cóir talamh slán a dhéanamh d'aon rud a bhaineann le scéimeanna marcála san am atá le teacht bunaithe ar scéimeanna a bhí ann cheana. Cé go mbíonn na bunphrionsabail mheasúnachta mar an gcéanna, is féidir go mbeadh athrú ar shonraí marcála cineál áirithe ceiste i gcomhthéacs na páirte a bheadh ag an gceist sin sa scrúdú foriomlán bliain áirithe ar bith. Bíonn sé de fhreagracht ar an bPríomhscrúdaitheoir bliain áirithe ar bith a dhéanamh amach cén tslí is fearr a chinnteoidh go measfar obair na n-iarrthóirí go cothrom agus go cruinn, agus go gcoimeádfar caighdeán comhleanúnach measúnachta ó bhliain go bliain. Dá réir sin, d'fhéadfadh gnéithe de struchtúr, de mhionsonraí agus de chur i bhfeidhm na scéime marcála in ábhar áirithe athrú ó bhliain go bliain gan rabhadh.

Agus breithniú á dhéanamh ar an scéim mharcála seo, ba cheart aird a bheith ar an méid a leanas:

Braitheann na sonraí a theastaíonn in aon cheist ar an gcomhthéacs agus ar an mbealach a gcuirtear an cheist, agus ar an líon marcanna a sannadh don fhreagra sa scrúdpháipéar. D'fhéadfadh sé go mbeadh difríochtaí ann ó bhliain go bliain sna riachtanais agus sa líon marcanna atá ar fáil.

## CUID A hAON – CEISTEANNA GEARRFHREAGRA – 80 MARC

Freagair **DEICH** gceist.

Tá na ceisteanna go léir ar aon mharc.

***FREAGAIR NA CEISTEANNA SEO SNA SPÁSANNA ATÁ ANN DÓIBH***

10 gcinn ar bith de na ceisteanna @ 8 marc an ceann
**C.1** Cuid (i), (iii) agus (iv) @ 1 mharc + 1 mharc; Cuid (ii) @ 2 mharc
**C.4 agus 12** 8 gcuid @ 1 mharc an ceann
**C.2 agus 3** Cuid (i) 4 chuid @ 1 mharc; Cuid (ii) 2 @ 1+1 mharc
**C.5** Cuid (i), (ii) agus (iv) 1+1 mharc; Cuid (iii) 2 mharc
**C.6 agus 11** Cuid (i), (ii) agus (iii) @ 2 mharc; Cuid (iv) 1+1 mharc
**C.7, 8, 9 agus 10**: 4 chuid @ 2 mharc an ceann
Gan grádú ar bith

C.1 (i) A = Pláta Mheiriceá Thuaidh
B = an Pláta Eoráiseach
(ii) C = Basalt/Easbhrúite/Bolcánach
(iii) C = 0 - 60 milliún / milliún
D = 120 - 180 milliún / milliún
(iv) Míniú ar chúis bhailí ar bith

C.2 (i) C Fócas
D Eipealár
A Tonnta seismeacha
B Éasclíne
(ii) Dhá mhíniúchán bhailí ar bith

C.3 (i) D Gleann crochta
C Airéit
A Comloch
B Speir theasctha
(ii) Dhá mhíniúchán bhailí ar bith

C.4 D Gníomhaíocht reo is coscartha
A Cnaí
C Aerbhrú
B Ithirthéaltú

C.5 (i) Ainm + Tagairt eangaí
(ii) Bree Hill S934/5 329/330
(iii) 96 km cearnach
(iv) Dhá cheann ar bith ainmnithe

C.6 (i) Ó thuaidh / ó thuaidh soir ó thuaidh
(ii) N11
(iii) An lár ar dheis/An lár
(iv) Aon mhíniúchán bailí

C.7 B U-Ghleann
D V-Ghleann
C Bóthar den tríú grád
A Fána chuasach

C.8 (i) 12%
(ii) 12%
(iii) ID
(iv) OD

C.9 (i) Fíor
(ii) Bréagach
(iii) Fíor
(iv) Fíor

C.10 D Dífhoraoisiú
C Stáisiún cumhachta hidrileictreach
B Stáisiún cumhachta núicléach
A Tuile abhann

C.11 (i) 2.9
(ii) 22
(iii) 5
(iv) Míniú ar chúis bhailí ar bith

C.12 Gaineamhchloch-Carraig Dhríodair-Sléibhte na Mumhan-Grianchloichít

Eibhear-Bruthcharraig-Sléibhte Chill Mhantáin-Naghas

## CUID A DÓ – CEISTEANNA STRUCHTÚRTHA agus AISTE – 320 MARC

Ní mór duit tabhairt faoi **CHEITHRE** cheist, mar seo a leanas:

- **DHÁ** cheist as **Roinn 1 – Croí-Aonaid**:
  - Ceist **amháin** as Ceist 1, 2 agus 3
  
    **AGUS**
  - Ceist **amháin** as Ceist 4, 5 agus 6
- Ceist **AMHÁIN** as **Roinn 2 – Toghaonaid**
- Ceist **AMHÁIN** as **Roinn 3 – Roghaonaid**

***FREAGAIR NA CEISTEANNA SEO SA FHREAGARLEABHAR***

## ROINN 1 – CROÍ-AONAID

### Ceist 1 go 6

**NÍ MÓR** duit tabhairt faoi **DHÁ** cheist:

- **CEIST AMHÁIN** as **Patrúin agus Próisis sa Chomhshaol Fisiceach**

  **AGUS**

- **CEIST AMHÁIN as Tíreolaíocht Réigiúnach**

**PATRÚIN AGUS PRÓISIS SA CHOMHSHAOL FISICEACH**

**Ceist 1 go 3**

Freagair ceist **AMHÁIN**

## Ceist 1

**A. Léarscáil na Suirbhéireachta Ordanáis**

Scrúdaigh an léarscáil 1:50000 de chuid na Suirbhéireachta Ordanáis agus an eochair eolais a thugtar leis an bpáipéar seo.
Tarraing sracléarscáil leathscála den achar a thaispeántar.
Ar an tsracléarscáil sin, taispeáin agus ainmnigh gach ceann díobh seo a leanas mar is ceart:

- Cúrsa iomlán Abhainn na Sláine
  Cumar Abhainn na Sláine agus Abhainn Bhorú (marcáil le X ar an sracléarscáil é)
- Limistéar talún os cionn 170 méadar
- Limistéar ina bhfuil Coill Nádúrtha.

**[20m]**

| | |
|---|---|
| Imlíne na sracléarscáile: | 4 mharc |
| 4 ghné @ 4 mharc an ceann | Léirithe 3 mharc (grádaithe 3/1/0)<br>Ainmnithe 1 mharc |

- Sa chás gur rianaíocht a dhéantar den tsracléarscáil nó nach ndéantar ach cuid den léarscáil a tharraingt, cailltear 4 mharc i ndáil le himlíne na sracléarscáile agus 3 mharc in aghaidh na míre i ndáil leis an léiriú.

**B.** **Carraigeacha**

Mínigh foirmiú na gcarraigeacha meiteamorfacha, agus tagairt agat do shamplaí as Éirinn.

**[30m]**

| | |
|---|---|
| Ainmnigh dhá charraig mheiteamorfacha | 2 + 2 mharc |
| Míniúchán | 13 x PSÁ |

- Tugtar creidiúint as léaráidí ábhartha le lipéid do 1 x PSÁ
- Tugtar creidiúint bhreise as eolas ábhartha ar léaráidí le lipéid do 2 x PSÁ
- Tugtar creidiúint as an 3ú carraig mheiteamorfach ainmnithe do 1 x PSÁ
- Léaráid gan lipéid 0 marc.

**C.** **Aibhneacha ag Athrú**

Mínigh conas a athraíonn abhainn nuair a athraíonn an bonnleibhéal, agus tagairt agat do shampla(í) a bhfuil staidéar déanta agat air (orthu).


**[30m]**

| | |
|---|---|
| Athrú a shonrú | 2 mharc |
| Sampla | 2 mharc |
| Míniúchán | 13 x PSÁ |

- Tugtar creidiúint as an 2ú hathrú ainmnithe do 1 x PSÁ
- Tá míniúchán le tabhairt ar an uile athrú sa bhreis orthu sin
- Tugtar creidiúint as an 2ú sampla ainmnithe do 1 x PSÁ
- Tugtar creidiúint as léaráidí ábhartha le lipéid do 1 x PSÁ
- Tugtar creidiúint bhreise as eolas ábhartha ar léaráidí le lipéid do 2 x PSÁ
- Léaráid gan lipéid 0 marc.

## Ceist 2

### A. Éascadh agus Tírghnéithe




Scrúdaigh na léaráidí thuas agus freagair na ceisteanna a leanas.

(i) Ainmnigh an cineál éisc ag **A** agus an cineál éisc **B**.

(ii) Mínigh go hachomair cad is cúis leis an gcineál éasctha ag **A** nó ag **B**.

(iii) Ainmnigh an tírghné ag **C** agus an tírghné ag **D** a bhíonn ann mar thoradh ar éascadh.

**[20m]**

Cuid (i) agus (iii) 8 marc an ceann
Cuid (ii) 4 mharc

| | | |
|---|---|---|
| (i) | A = Gnáthéasc | 4 mharc |
| | B = Frithéasc | 4 mharc |
| (ii) | Aon mhíniúchán bailí | 2 + 2 mharc |
| (iii) | C = Scoiltghleann/Graben | 4 mharc |
| | D = Blocshliabh/Horst | 4 mharc |

**B. Forbairt Tírghné**

**Freagair** (i) **nó** (ii).

(i) Mínigh, le cabhair léaráide(í) lipéadaithe, foirmiú tírghné chreimthe **amháin** a bhfuil staidéar déanta agat uirthi.

**[30m]**

| | |
|---|---|
| Tírghné ainmnithe | 2 mharc |
| Léaráid lipéadaithe | 4 mharc (grádaithe 4/2/0) |
| Míniúchán | 12 x PSÁ |

- Tugtar creidiúint bhreise as eolas ábhartha ar léaráidí le lipéid do 2 x PSÁ
- Léaráid gan lipéid 0 marc
- Tabhair creidiúint 1 x PSÁ as dhá shampla ainmnithe as an míniúchán.

**Nó**

(ii) Tabhair cur síos agus míniú ar phróiseas ollghluaiseachta **amháin** a bhfuil staidéar déanta agat air.

**[30m]**

| | |
|---|---|
| Próiseas ainmnithe | 2 mharc |
| Míniúchán | 14 x PSÁ |

- Tugtar creidiúint 1 x PSÁ as léaráid ábhartha le lipéid
- Tugtar creidiúint bhreise as eolas ábhartha ar léaráidí le lipéid do 2 x PSÁ
- Léaráid gan lipéid 0 marc
- Tugtar creidiúint as sampla amháin ón míniúchán
- Ceadaigh 7 x PSÁ ar a mhéad más ollghluaiseacht amháin atá sa chur síos.

**C. Idirghníomhaíocht an Duine**

Scrúdaigh conas a dhéanann an duine idirghníomhaíocht le timthriall na gcarraigeacha, agus tagairt agat do cheann **amháin** díobh seo a leanas:

- Mianadóireacht
- Eastóscadh ábhar foirgníochta
- Saothrú ola/gáis
- Táirgeadh fuinnimh gheoiteirmigh.


**[30m]**

| | |
|---|---|
| Sampla | 2 mharc |
| Scrúdúchán | 14 x PSÁ |

- Ní le hÉirinn amháin a bhaineann an cheist.
- Tugtar creidiúint as an 2ú sampla ainmnithe do 1 x PSÁ
- Tugtar creidiúint 1 x PSÁ as léaráid ábhartha le lipéid
- Tugtar creidiúint bhreise as eolas ábhartha ar léaráidí le lipéid do 2 x PSÁ.

## Ceist 3

### A. Bolcáin



**Léirscrios ar Mount St Helens, Bealtaine 18, 1980**

Scrúdaigh an léarscáil agus an eochair eolais thuas a thaispeánann fairsinge an tsil-leagain ábhar a tharla mar thoradh ar bhrúchtadh an bholcáin Mount St Helens agus freagair na ceisteanna a leanas.

(i) Cén t-ábhar is fairsinge a sil-leagadh mar thoradh ar an mbrúchtadh?
(ii) Cén treo a ndeachaigh an sil-leagan ón sreabhadh pireaclastach?
(iii) Cén fad a chuaigh an sil-leagan ón sreabhadh pireaclastach?
(iv) Ainmnigh **dhá** shampla d'ábhar pireaclastach.
(v) Mínigh go hachomair cén fáth a mbrúchtann bolcáin áirithe go foréigneach.

**[20m]**

Cúig chuid @ 4 mharc an ceann.

| | | |
|---|---|---|
| (i) | Sil-leagan ó phléascadh taobhach | 4 mharc |
| (ii) | Siar ó thuaidh - soir ó thuaidh | 4 mharc |
| (iii) | 5-5.2 míle | 4 mharc |
| (iv) | Dhá cheann ar bith ainmnithe | 2 + 2 mharc |
| (v) | Aon mhíniúchán bailí | 2 + 2 mharc |

**B. Síonchaitheamh**

Mínigh próiseas/próisis an tsíonchaithimh fhisicigh **nó** próiseas/próisis an tsíonchaithimh cheimicigh.

**[30m]**

| | |
|---|---|
| Próiseas ainmnithe | 2 mharc |
| Míniúchán | 14 x PSÁ |

- Tugtar creidiúint as léaráidí ábhartha le lipéid do 1 x PSÁ
- Tugtar creidiúint bhreise as eolas ábhartha ar léaráidí le lipéid do 2 x PSÁ
- Léaráid gan lipéid 0 marc
- Tugtar creidiúint as samplaí ón míniúchán do suas le 2 x PSÁ
- Tugtar creidiúint as an 2ú próiseas ainmnithe do 1 x PSÁ
- Tá míniúchán le tabhairt ar an uile phróiseas sa bhreis orthu sin.

**C. Creathanna Talún agus Bolcáin**

Mínigh conas is féidir monatóireacht agus réamh-mheas a dhéanamh ar chreathanna talún agus ar bhrúchtadh bolcán.

**[30m]**

| | |
|---|---|
| Míniúchán | 15 x PSÁ |

- Mura ndéantar plé ach ar chreathanna talún amháin nó ar bholcáin amháin 8 x PSÁ ar a mhéad.

| |
|---|
| **TÍREOLAÍOCHT RÉIGIÚNACH** |
| **Ceist 4 go 6** |
| Freagair ceist **AMHÁIN** |

## Ceist 4

**A. Réigiún Eorpach**

Tarraing léarscáil imchrutha de réigiún san **Eoraip** (nach bhfuil in Éirinn) a bhfuil staidéar déanta agat air.
Ar an léarscáil sin, taispeáin agus ainmnigh iad seo mar is ceart:

- Gné rilífe ainmnithe sa réigiún sin
- Abhainn ainmnithe sa réigiún
- **Dhá** lárionad uirbeacha ainmnithe sa réigiún.

**[20m]**

| | |
|---|---|
| Imlíne na léarscáile | 4 mharc grádaithe (4/2/0) |
| 4 ghné @ | 4 mharc an ceann |
| Léirithe | 2 mharc grádaithe (2/1/0) |
| Ainmnithe | 2 mharc |

- Ná glactar le réigiúin de chuid na hÉireann ná le réigiúin Ilchríochacha / Fo-ilchríochacha
- D'fhéadfadh sléibhte nó mánna/ísealchríocha a bheith i gceist le rilíf.

**B.** **Gníomhaíocht Gheilleagrach Thánaisteach in Éirinn**

Scrúdaigh na tosca a bhfuil tionchar acu ar fhorbairt gníomhaíocht gheilleagrach thánaisteacha i réigiún in **Éirinn** a bhfuil staidéar déanta agat air.

**[30m]**

| | |
|---|---|
| Sampla ainmnithe de ghníomhaíocht gheilleagrach thánaisteach | 2 mharc |
| Tosca ainmnithe | 2 + 2 mharc |
| Scrúdúchán | 12 x PSÁ |

- Ná glactar le réigiúin de chuid na hEorpa ná le réigiúin Ilchríochacha / Fo-ilchríochacha.
- Scrúdúchán nach ndéantar tagairt ann do réigiún ainmnithe ná do réigiún a thugtar le fios go soiléir 0 marc
- Tá plé le déanamh ar gach toisc sa bhreis orthu sin
- Mura ndéantar plé ach ar thoisc amháin 6 x PSÁ ar a mhéad.

**C.** **Coincheap an Réigiúin**

Scrúdaigh conas is féidir tosca socheacnamaíochta a úsáid chun réigiún a shainmhíniú, agus tagairt agat do shamplaí a bhfuil staidéar déanta agat orthu.


**[30m]**

| | |
|---|---|
| Tosca socheacnamaíochta ainmnithe | 2 + 2 mharc |
| Samplaí de réigiúin ainmnithe | 2 + 2 mharc |
| Scrúdúchán | 11 x PSÁ |

- Tá scrúdúchán riachtanach i gcás gach toisce sa bhreis orthu sin
- Mura ndéantar plé ach ar thoisc amháin 6 x PSÁ ar a mhéad.

## Ceist 5

### A. Ioncam Indiúscartha i Réigiúin na hÉireann




Scrúdaigh an graf thuas agus freagair na ceisteanna a leanas.

(i) Cé mhéad réigiún ina raibh an t-ioncam indiúscartha in aghaidh an duine faoi mheán an Stáit in 2008?

(ii) Cén réigiún ina raibh an t-ioncam indiúscartha in aghaidh an duine 10% faoi mheán an Stáit in 2008?

(iii) Cén réigiún ina raibh an t-ioncam indiúscartha in aghaidh an duine ba chóngaraí do mheán an Stáit in 2008 agus 2009 araon?

(iv) Cén réigiún ina raibh an t-ioncam indiúscartha in aghaidh an duine os cionn mheán an Stáit in 2008 agus 2009 araon?

(v) Mínigh go hachomair cén fáth a raibh an t-ioncam indiúscartha in aghaidh an duine os cionn mheán an Stáit sa réigiún seo in 2008 agus 2009 araon.

**[20m]**

Cúig chuid @ 4 mharc an ceann

| | | |
|---|---|---|
| (i) | Sé | 4 mharc |
| (ii) | An Teorainn/Lár na Tíre | 4 mharc |
| (iii) | An Lár-Oirthear | 4 mharc |
| (iv) | Baile Átha Cliath | 4 mharc |
| (v) | Aon mhíniúchán bailí | 2 + 2 mharc |

**B. Talmhaíocht i Réigiún Ilchríochach / Fo-Ilchríochach**

Mínigh forbairt na talmhaíochta i réigiún **Ilchríochach / Fo-Ilchríochach** (nach bhfuil san Eoraip) a bhfuil staidéar déanta agat air, agus tagairt agat do **dhá** cheann ar bith de na tosca a leanas:

- Ithreacha
- Margaí
- Rilíf.

**[30m]**

| | |
|---|---|
| Míniúchán ar Thoisc 1 | 8 x PSÁ |
| Míniúchán ar Thoisc 2 | 7 x PSÁ |

- Ná glactar le réigiúin de chuid na hÉireann ná de chuid na hEorpa
- Plé nach ndéantar tagairt ann do réigiún ainmnithe ná do réigiún a thugtar le fios go soiléir 0 marc.

**C. Daonra i Réigiún Eorpach**

Tabhair cúiseanna le dáileadh an daonra ar fud réigiún **Eorpach** (nach bhfuil in Éirinn) a bhfuil staidéar déanta agat air.

**[30m]**

| | |
|---|---|
| Scrúdúchán | 15 x PSÁ |

- Ná glactar le réigiúin de chuid na hÉireann ná le réigiúin Ilchríochacha / Fo-ilchríochacha
- Plé nach ndéantar tagairt ann do réigiún ainmnithe ná do réigiún a thugtar le fios go soiléir 0 marc
- 7 x PSÁ ar a mhéad as cur síos amháin sa mhíniúchán
- Tabhair creidiúint as dhá áit ainmnithe sa réigiún do 2 x PSÁ.

## Ceist 6

### A. Turasóireacht agus Taisteal

Turais thar lear go hÉirinn agus Turais as Éirinn (mílte daoine)

| | 2007 | 2008 | 2009 | 2010 | 2011 |
|---|---|---|---|---|---|
| Líon na gCuairteoirí go hÉirinn as tíortha thar lear | 8012 | 7839 | 6928 | 6037 | 6505 |
| Líon na gCuairteanna thar lear ag daoine a chónaíonn in Éirinn | 7713 | 7877 | 7049 | 6572 | 6293 |

www.cso.ie

Scrúdaigh an tábla thuas agus freagair na ceisteanna a leanas.

(i) Cé mhéad cuairteoir as tíortha thar lear a tháinig go hÉirinn in 2009?

(ii) Cé na blianta a raibh líon na gcuairteoirí a tháinig go hÉirinn as tíortha thar lear níos airde ná líon na gcuairteanna thar lear ag daoine a chónaíonn in Éirinn?

(iii) Ríomh an difríocht idir líon na gcuairteoirí a tháinig go hÉirinn as tíortha thar lear agus líon na gcuairteanna thar lear ag daoine a chónaíonn in Éirinn in 2011.

(iv) Mínigh go hachomair buntáiste **amháin** do gheilleagar na hÉireann a bhaineann leis an turasóireacht.

(v) Mínigh go hachomair cén fáth ar tháinig méadú ar líon na gcuairteoirí go hÉirinn as tíortha thar lear idir 2010 agus 2011, i ndiaidh é a bheith ag titim go leanúnach ó 2007 go 2010.

**[20m]**

Cúig chuid @ 4 mharc an ceann

| | | |
|---|---|---|
| (i) | 6,928,000 | 4 mharc |
| (ii) | 2007 agus 2011 | 2 + 2 mharc |
| (iii) | 212,000 | 4 mharc |
| (iv) | Aon mhíniúchán bailí | 2 + 2 mharc |
| (v) | Aon mhíniúchán bailí | 2 + 2 mharc |

**B.** **Ceantar Uirbeach i Réigiún Ilchríochach / Fo-ilchríochach**

Agus tagairt agat do cheantar uirbeach **amháin** i réigiún **Ilchríochach / Fo-ilchríochach** (nach bhfuil san Eoraip) a bhfuil staidéar déanta agat air, mínigh cén fath ar tháinig forbairt ar an gceantar uirbeach seo sa suíomh ag a bhfuil sé inniú.

**[30m]**

| | |
|---|---|
| Ceantar uirbeach ainmnithe | 2 mharc |
| Cúiseanna luaite | 2 + 2 mharc |
| Scrúdúchán | 12 x PSÁ |

- Ná glactar le réigiúin de chuid na hÉireann ná de chuid na hEorpa
- Scrúdúchán nach ndéantar tagairt ann do cheantar uirbeach ainmnithe ná do cheantar uirbeach a thugtar le fios go soiléir 0 marc
- Is féidir le ceantar uirbeach a bheith ina chathair nó ina chuid ar leith de chathair ainmnithe.

**C.** **Gníomhaíochtaí Geilleagracha, Polaitiúla agus Cultúrtha**

Scrúdaigh an t-idirghníomhú idir gníomhaíochtaí geilleagracha, polaitiúla agus/nó cultúrtha i réigiún ar bith a bhfuil staidéar déanta agat air.

**[30m]**

| | |
|---|---|
| Scrúdúchán | 15 x PSÁ |

- Scrúdúchán nach ndéantar tagairt ann do réigiún ainmnithe ná do réigiún a thugtar le fios go soiléir 0 marc
- Gan aon tagairt don idirghníomhú idir na tosca: 7 x PSÁ ar a mhéad
- Tabhair creidiúint as dhá shampla ainmnithe de ghníomhaíochtaí do 2 x PSÁ.

## ROINN 2 – TOGHAONAID

## Ceist 7 go 12

**NÍ MÓR** duit tabhairt faoi aon cheist **AMHÁIN** as:

**Patrúin agus Próisis i nGníomhaíochtaí Geilleagracha**

**NÓ**

**Patrúin agus Próisis i gComhshaol an Duine**

**PATRÚIN AGUS PRÓISIS I nGNÍOMHAÍOCHTAÍ GEILLEAGRACHA**

**Ceist 7 go 9**

## Ceist 7

### A. Trádáil Idirnáisiúnta

Trádáil Eachtrach na hÉireann le Tíortha Roghnaithe san AE

| Tír | Easpórtálacha (€ milliún) | | Iompórtálacha (€ milliún) | |
|---|---|---|---|---|
| | **2009** | **2010** | **2009** | **2010** |
| An Spáinn | 3,275.8 | 3,361.5 | 568.7 | 667.1 |
| An Fhrainc | 4,527.1 | 4,492.5 | 2,193.3 | 1,832.1 |
| An Ghearmáin | 5,974.4 | 7,214.6 | 3,045.4 | 3,499.1 |
| An Iodáil | 2,784.4 | 2,713.2 | 911.1 | 766.9 |
| **Iomlán** | **16,561.7** | **X** | **6,718.5** | **6,765.2** |

Curtha in oiriúint as Eurostat

Scrúdaigh an tábla thuas agus freagair na ceisteanna a leanas.

(i) Cé acu ceann de na tíortha roghnaithe thuas a raibh an luach ab airde easpórtálacha agus iompórtálacha aici le hÉirinn in 2009 agus 2010 araon?

(ii) Cé acu ceann de na tíortha roghnaithe thuas a fuair an luach ab ísle easpórtálacha ó Éire in 2009 agus 2010 araon?

(iii) Ríomh **X**, luach iomlán na n-easpórtálacha ó Éire do na tíortha roghnaithe san AE i 2010.

(iv) Ríomh laghdú céatadánach ar na hiompórtálacha ón Iodáil idir 2009 agus 2010.

(v) Mínigh go hachomair ceann **amháin** díobh seo a leanas:
- Comhardú na Trádála
- Comhardú na nÍocaíochtaí.

**[20m]**

5 chuid @ 4 mharc an ceann

| | | |
|---|---|---|
| (i) | An Ghearmáin | 4 mharc |
| (ii) | An Iodáil | 4 mharc |
| (iii) | €17,781.8 milliún | 4 mharc |
| (iv) | 15.8 - 16 | 4 mharc |
| (v) | Aon mhíniúchán bailí | 2 + 2 mharc |

**B.** **Gníomhaíocht Gheilleagrach Threasach**

Agus fianaise ón léarscáil 1:50000 de chuid na Suirbhéireachta Ordanáis a thugtar leis an bpáipéar seo á húsáid agat, pléigh acmhainneacht fhorbartha na turasóireachta sa limistéar a thaispeántar ar an léarscáil faoi na teidil seo a leanas:

- Inrochtaineacht
- Nithe is díol spéise
- Seirbhísí (gan iompar a chur san áireamh).

**[30m]**

3 theideal @ 10 marc an ceann

I gcás gach teidil:

| | |
|---|---|
| Fianaise na léarscáile | 2 mharc |
| Plé | 4 x PSÁ |

- Ceadaigh 1 x PSÁ ón bplé sa chás nach bhfuil aon fhianaise léarscáile sa teideal.

**C.** **An tAontas Eorpach**

Scrúdaigh an chaoi a dtéann ballraíocht san Aontas Eorpach i gcion ar gheilleagar na hÉireann.

**[30m]**

| | |
|---|---|
| An chaoi a dtéann sí i gcion a shonrú | 2 mharc |
| Scrúdúchán | 14 x PSÁ |

- Tugtar creidiúint as an 2ú caoi a shonrú do 1 x PSÁ ón scrúdúchán
- Tá scrúdúchán le déanamh ar an uile chaoi sa bhreis orthu sin
- Tugtar creidiúint as polasaí amháin a ainmniú do 1 x PSÁ ón scrúdúchán; tá scrúdúchán le déanamh ar an uile pholasaí sa bhreis orthu sin
- Plé nach bhfuil tagairt ann don chaoi a dtéann sé i gcion ar gheilleagar na hÉireann 2 x PSÁ ar a mhéad.

## Ceist 8

### A. Aerfótagraf

Scrúdaigh an t-aerfótagraf d'Inis Córthaidh a thugtar leis an bpáipéar seo.
Tarraing sracléarscáil den aerfótagraf, leath an fhaid agus leath an leithid.
Ar an léarscáil sin, taispeáin agus ainmnigh gach ceann acu seo a leanas mar is ceart:

- Droichead an iarnróid
- Dhá shráid a bhuaileann lena chéile
- An abhainn
- An t-ionad stórála arbhair i lár an aerfótagraif..

**[20m]**

| | |
|---|---|
| Imlíne na sracléarscáile: | 4 mharc |
| 4 ghné @ 4 mharc an ceann: | Léirithe 3 mharc<br>(grádaithe 3/1/0)<br>Ainmnithe 1 mharc |

- Sa chás gur rianaíocht a dhéantar den tsracléarscáil nó go ndéantar cuid den ghrianghraf a tharraingt, cailltear 4 mharc i ndáil le himlíne na sracléarscáile agus 3 mharc in aghaidh na míre i ndáil leis an léiriú.

**B. Tionchar ar an gComhshaol**

Scrúdaigh an tionchar a bhíonn ag dó breoslaí iontaise ar an gcomhshaol.

**[30m]**

| | |
|---|---|
| Tionchar ar an gcomhshaol a shonrú | 2 mharc |
| Scrúdúchán | 14 x PSÁ |

- Tugtar creidiúint as an 2ú tionchar ainmnithe do 1 x PSÁ tá scrúdúchán le déanamh ar an uile thionchar sa bhreis orthu sin.

**C. Forbairt Gheilleagrach**

Agus tagairt agat do thír le geilleagar forbartha a bhfuil staidéar déanta agat uirthi, scrúdaigh na tosca a bhfuil tionchar acu ar leibhéal forbartha gheilleagar na tíre.

**[30m]**

| | |
|---|---|
| Geilleagair forbartha ainmnithe | 2 mharc |
| Tosca | 2 + 2 mharc |
| Scrúdúchán | 12 x PSÁ |

- Tá scrúdúchán riachtanach i gcás gach toisce sa bhreis orthu sin a shonraítear
- Plé nach bhfuil tagairt ann do gheilleagar forbartha ainmnithe 2 x PSÁ ar a mhéad
- Plé nach bhfuil tagairt ann d'fhorbairt gheilleagrach 2 x PSÁ ar a mhéad
- Mura ndéantar scrúdú ach ar thoisc amháin 6 x PSÁ ar a mhéad.

## Ceist 9

### A. Táirgeadh Ola

| **Táirgeadh Ola, 2011** | **Milliúin bairille in aghaidh an lae** |
|---|---|
| Réigiún an Aigéin Chiúin agus na hÁise | 8 |
| An Eoráise / An Eoraip | 17.5 |
| Meiriceá Láir / Meiriceá Theas | 7 |
| An Afraic | 8.5 |
| An Meánoirthear | 27.5 |
| Meiriceá Thuaidh | 14.5 |

Curtha in oiriúint as www.bp.com

Scrúdaigh na sonraí sa tábla thuas a thaispeánann an táirgeadh ola in 2011.

(i) Agus grafpháipéar á úsáid agat, tarraing graf oiriúnach chun na sonraí seo a léiriú.

**[20m]**

| | **Barrachairt** | **Píchairt** |
|---|---|---|
| Teideal | 2 mharc | 2 mharc |
| Ais cheartingearach ainmnithe | 1 mharc | 1+1 mharc (Ciorcal agus Láraithe) |
| Ais chothrománach ainmnithe | 1 mharc | |
| 6 mhír léirithe | 2m an ceann grádaithe | 2m an ceann grádaithe |

- Glactar le haon ghraf/chairt oiriúnach
- Ní leor ainm a thabhairt ar chineál an ghraif/na cairte chun na marcanna i leith an teidil a ghnóthú
- Sa chás nach n-úsáidtear grafpháipéar, dealaítear dhá mharc ón iomlán.

(ii) Mínigh go hachomair an téarma breosla iontaise.

Aon mhíniúchán bailí 2 + 2 mharc.

**B.** **Geilleagar i mBéal Forbartha**

Scrúdaigh an chaoi a dtéann an domhandú i gcion ar gheilleagar i mbéal forbartha a bhfuil staidéar déanta agat air.

**[30m]**

| | |
|---|---|
| Geilleagair i mbéal forbartha ainmnithe | 2 mharc |
| An chaoi a théann sé i gcionn a shonrú | 2 mharc |
| Scrúdúchán | 13 x PSÁ |

- Tugtar creidiúint as an 2ú caoi a shonrú do 1 x PSÁ ón scrúdúchán
- Tá scrúdúchán le déanamh ar an uile chaoi sa bhreis orthu sin
- Plé nach bhfuil tagairt ann do gheilleagar i mbéal forbartha ainmnithe: 2 x PSÁ ar a mhéad
- Plé nach bhfuil tagairt ann don domhandú 2 x PSÁ ar a mhéad.

**C.** **Cuideachta Ilnáisiúnta (MNC)**

Scrúdaigh na tosca a mbíonn tionchar acu ar dháileachán domhanda cuideachta ilnáisiúnta **amháin** a bhfuil staidéar déanta agat uirthi.

**[30m]**

| | |
|---|---|
| MNC ainmnithe | 2 mharc |
| Tosca ainmnithe | 2 + 2 mharc |
| Tagairt do dhá shuíomh dhomhanda | 2 mharc |
| Scrúdúchán | 11 x PSÁ |

- Tá scrúdúchán riachtanach i gcás gach toisce sa bhreis orthu sin a shonraítear
- Plé nach bhfuil ceangal ann le cuideachta ilnáisiúnta ainmnithe 0 marc
- Mura ndéantar scrúdú ach ar thoisc amháin: 6 x PSÁ ar a mhéad
- Mura dtagraítear sa scrúdúchán ach do shuíomh amháin atá ag an MNC: 6 x PSÁ ar a mhéad.

**PATRÚIN AGUS PRÓISIS i gCOMHSHAOL AN DUINE**

**Ceist 10 go 12**

# Ceist 10

**A. Fás Uirbeach**

Na bailte is tapúla fás in Éirinn

| **Baile** | **Réigiún** | **Daonra 2006** | **Daonra 2011** | **% Athrú Daonra 2006-2011** |
|---|---|---|---|---|
| Teach Sagard | Baile Átha Cliath Theas | 868 | 2,144 | 147 |
| Cuan Bhaile na Cúirte | Loch Garman | 1,421 | 2,857 | **X** |
| An Caisleán Nua | Baile Átha Cliath Theas | 1,506 | 2,659 | 77 |
| Carraig Thuathail | Corcaigh | 2,782 | 4,551 | 64 |
| Baile Uí Mhatháin | An Longfort | 963 | 1,563 | 62 |

Curtha in oiriúint ón bPríomh-Oifig Staidrimh

Scrúdaigh an tábla thuas agus freagair na ceisteanna a leanas.

(i) Ríomh an méadú ar dhaonra iomlán an Chaisleáin Nua idir 2006 agus 2011.
(ii) Ríomh **X**, an céatadán athraithe ar dhaonra Chuan Bhaile na Cúirte idir 2006 agus 2011.
(iii) Luaigh **dhá** chúis le fás tapa ar bhailte i mBaile Átha Cliath Theas idir 2006 agus 2011.
(iv) Mínigh go hachomair fadhb **amháin** atá mar thoradh ar fhás tapa ar bhailte in Éirinn.
(v) Mínigh go hachomair cúis **amháin** a bhfuil tábhacht leis an Daonáireamh i gcomhthéacs na pleanála uirbí.

**[20m]**

5 chuid @ 4 mharc an ceann

| | | |
|---|---|---|
| (i) | 1,153 | 4 mharc |
| (ii) | 101 | 4 mharc |
| (iii) | Dhá chúis luaite ar bith | 2 + 2 mharc |
| (iv) | Aon mhíniúchán bailí | 2 + 2 mharc |
| (v) | Aon mhíniúchán bailí | 2 + 2 mharc |

**B.** **Gréasáin Lonnaíochta Faoin Tuath**

Agus tagairt agat don léarscáil 1:50000 de chuid na Suirbhéireachta Ordanáis a thugtar leis an bpáipéar seo, tabhair cur síos agus míniú ar **thrí** ghréasán lonnaíochta faoin tuath atá le feiceáil ar an léarscáil.

**[30m]**

Trí phatrún @ 10 marc an ceann
I gcás gach patrúin:

| | |
|---|---|
| Patrún ainmnithe | 2 mharc |
| Fianaise/tagairt léarscáile | 2 mharc |
| Scrúdúchán | 3 x PSÁ |

- Ní mór don scrúdúchán a bheith bunaithe ar mhíniúchán a bhaineann le hábhar seachas ar thagairtí léarscáile breise
- Sa chás gur bunaithe ar an Aerfótagraf a bhíonn an freagra, ceadaítear marcanna as gréasán lonnaíochta faoin tuath a shonrú amháin
- Mura luaitear fianaise léarscáile ná ceadaigh ach an patrún ainmnithe.

**C.** **Patrúin Imirce**

Tabhair cur síos agus míniú ar athruithe ar phatrúin imirce isteach agus amach as Éirinn ó na 1950idí i leith.

**[30m]**


| | |
|---|---|
| Athruithe ar phatrúin isteach go hÉirinn a shonrú | 2 mharc |
| Athruithe ar phatrúin amach as Éirinn a shonrú | 2 mharc |
| Scrúdúchán | 13 x PSÁ |

- Tá plé le déanamh ar an uile athrú ar phatrúin imirce sa bhreis orthu sin
- Caithfidh athruithe ar phatrúin imirce isteach agus amach as Éirinn ó na 1950idí i leith a bheith i gceist leis na hathruithe.

# Ceist 11

## A. Scileanna Léarscáile

Léarscáil 1:2000 de Lár Inis Córthaidh




Scrúdaigh an léarscáil 1:2000 d'Inis Córthaidh a thaispeántar thuas.
Tarraing sracléarscáil den léarscáil 1:2000 agus ar an tsracléarscáil sin, taispeáin agus ainmnigh gach ceann acu seo a leanas i gceart:

- Dhá shráid a bhuaileann le chéile
- An Ardeaglais (The Cathedral)
- Cearnóg an Mhargaigh (The Market Square)
- An Carrchlós (The Car Park).

**[20m]**

| | |
|---|---|
| Imlíne na sracléarscáile | 4 mharc |
| 4 ghné @ 4 mharc an ceann: | Léirithe 3 mharc (grádaithe 3/1/0) |
| | Ainmnithe 1 mharc |

- Sa chás gur rianaíocht a dhéantar den tsracléarscáil nó go ndéantar cuid den léarscáil a tharraingt, cailltear 4 mharc i ndáil le himlíne na sracléarscáile agus 3 mharc in aghaidh na míre i ndáil leis an léiriú.

**B. Daonra**

Mínigh cén chaoi a dtéann forbairt acmhainní i gcion ar athrú daonra, agus tagairt agat do shamplaí a bhfuil staidéar déanta agat orthu.

**[30m]**

| | |
|---|---|
| Caoi ainmnithe | 2 mharc |
| Samplaí | 2 + 2 mharc |
| Scrúdúchán | 12 x PSÁ |

- Plé nach bhfuil tagairt ann d'fhorbairt acmhainní: 2 PSÁ ar a mhéad.
- Plé nach bhfuil tagairt ann do chaoi a dtéann sé i gcion ar athrú daonra: 2 x PSÁ ar a mhéad
- Tugtar creidiúint as an 2ú caoi ainmnithe do 1 x PSÁ
- Tá plé le déanamh ar an uile chaoi ainmnithe sa bhreis orthu sin
- Tá plé le déanamh ar an uile shampla ainmnithe sa bhreis orthu sin.

**C. Imirce**

Scrúdaigh conas is féidir le ceisteanna eitneachais agus reiligiúin teacht chun cinn mar thoradh ar an imirce, agus tagairt agat do shampla(í) a bhfuil staidéar déanta agat air (orthu).

**[30m]**

| | |
|---|---|
| Sampla ainmnithe | 2 mharc |
| Ceist reiligiúin a shonrú | 2 mharc |
| Ceist eitneachais a shonrú | 2 mharc |
| Scrúdúchán | 12 x PSÁ |

- Plé nach bhfuil tagairt ann d'imirce: 2 x PSÁ ar a mhéad
- Plé nach bhfuil tagairt ann do shampla ainmnithe: 2 x PSÁ ar a mhéad
- Tugtar creidiúint as an 2ú sampla ainmnithe ón scrúdúchán do 1 x PSÁ
- Tá plé le déanamh ar an uile shampla sa bhreis orthu sin
- Tá plé le déanamh ar an uile cheist sa bhreis orthu sin, idir cheisteanna eitneachais agus cheisteanna reiligiúin.

## Ceist 12

### A. Daonra

An Céatadán (%) den daonra a bhí 65 bliain d'aois agus os a chionn, 2001 agus 2011

| Tír | 2001 | 2011 |
|---|---|---|
| An Eilvéis | 15 | 17 |
| Éire | 11 | 12 |
| An Ghearmáin | 17 | 21 |

Curtha in oiriúint ó Eurostat

Scrúdaigh na sonraí sa tábla thuas a thaispeánann céatadán an daonra a bhí 65 bliain d'aois agus os a chionn i dtíortha áirithe san Eoraip in 2001 agus 2011.

**[20m]**

(i) Agus grafpháipéar á úsáid agat, tarraing graf oiriúnach chun na sonraí seo a léiriú.

| | **Barrachairt** | **Píchairt** |
|---|---|---|
| Teideal | 2 mharc | 2 mharc |
| Ais cheartingearach ainmnithe | 1 mharc | 1+1 mharc (Ciorcal agus Láraithe) |
| Ais chothrománach ainmnithe | 1 mharc | |
| 6 mhír léirithe | 2m an ceann grádaithe | 2m an ceann grádaithe |

- Glactar le haon ghraf/chairt oiriúnach
- Sa chás nach n-úsáidtear grafpháipéar, dealaítear dhá mharc ón iomlán
- Ní mór dhá phíchairt a léiriú chun lánmharcanna a ghnóthú.
- Ní leor ainm a thabhairt ar chineál an ghraif/na cairte chun na marcanna i leith an teidil a ghnóthú.

(ii) Mínigh go hachomair an téarma cóimheas cleithiúnais.

Aon mhíniúchán bailí 2 + 2 mharc.

**B.** **Forbairt Uirbeach**

Agus tagairt agat don aerfótagraf a thugtar leis an bpáipéar seo, mínigh **trí** chúis leis an bhfás ar bhaile Inis Córthaidh.

**[30m]**

3 chúis @ 10 marc an ceann
I gcás gach cúise:

| | |
|---|---|
| Cúis luaite | 2 mharc |
| Fianaise ón aerfótagraf | 2 mharc |
| Scrúdúchán | 3 x PSÁ |

- Ná glactar le níos mó ná 2 chúis a bhaineann le modhanna éagsúla iompair
- Mura luaitear fianaise ón aerfótagraf ná ceadaigh ach na cúiseanna a luaitear.

**C.** **Uirbiú sa Todhchaí**

Pléigh **dhá** cheist a mbeidh ar chathracha dul i ngleic leo sa todhchaí sa domhan forbartha.

**[30m]**

Dhá cheist @ 8 + 7 PSÁ
I gcás gach ceiste:

| | |
|---|---|
| Ceist ainmnithe | 2 mharc |
| Ceist a ndearnadh scrúdú uirthi | 7/6 x PSÁ |

## ROINN 3 – ROGHAONAID

**Ceist 13 go 24**

Freagair ceist **AMHÁIN**

**Nóta**: Is fearr **trí** ghné nó **ceithre** ghné den téama a phlé go mion, in ionad plé ginearálta a dhéanamh ar líon mór pointí.

## Idirspleáchas Domhanda

**Nóta**: Is fearr **trí** ghné nó **ceithre** ghné den téama a phlé go mion, in ionad plé ginearálta a dhéanamh ar líon mór pointí.

**13.** Pléigh an tábhacht a bhaineann le forbairt inbhuanaithe don todhchaí.

**[80m]**

| | | | |
|---|---|---|---|
| Líon na ngnéithe: | 3 @ 27 + 27 + 26 | | 4 @ 20 marc an ceann |
| Gné a shonrú: | 4 mharc | | 4 mharc |
| Plé: | 8 x PSÁ | NÓ | 6 x PSÁ |
| Comhleanúnachas Ginearálta: | 7/6 mharc grádaithe | | 4 mharc grádaithe |

- Roghnaítear scéim de réir líon na ngnéithe a phléitear
- Ceadaítear creidiúint suas le dhá PSÁ ar a mhéad as suas le dhá shampla (samplaí éagsúla agus i ndáil le gnéithe éagsúla)
- Ceadaítear creidiúint suas le dhá PSÁ ar a mhéad as suas le dhá léaráid lipéadaithe (léaráidí éagsúla agus i ndáil le gnéithe éagsúla).

**14.** Scrúdaigh an tionchar a bhíonn ag patrúin trádála dhomhanda maidir le réigiúin táirgeoirí agus réigiúin tomhaltóirí araon, agus tagairt agat do chuideachta ilnáisiúnta (MNC) **amháin** a bhfuil staidéar déanta agat uirthi.

**[80m]**

| | | | |
|---|---|---|---|
| Líon na ngnéithe: | 3 @ 27 + 27 + 26 | | 4 @ 20 marc an ceann |
| Gné a shonrú: | 4 mharc | | 4 mharc |
| Plé: | 8 x PSÁ | NÓ | 6 x PSÁ |
| Comhleanúnachas Ginearálta: | 7/6 mharc grádaithe | | 4 mharc grádaithe |

- Roghnaítear scéim de réir líon na ngnéithe a phléitear
- Ceadaítear creidiúint suas le dhá PSÁ ar a mhéad as suas le dhá shampla (samplaí éagsúla agus i ndáil le gnéithe éagsúla)
- Ceadaítear creidiúint suas le dhá PSÁ ar a mhéad as suas le dhá léaráid lipéadaithe (léaráidí éagsúla agus i ndáil le gnéithe éagsúla)
- Ní foláir cóimheas 1:2 nó 2:1 nó 2:2 nó 1:3 nó 3:1.

**15.** Pléigh na hargóintí ar son agus i gcoinne an chúnaimh idirnáisiúnta.

**[80m]**

| | | | |
|---|---|---|---|
| Líon na ngnéithe: | 3 @ 27 + 27 + 26 | | 4 @ 20 marc an ceann |
| Gné a shonrú: | 4 mharc | | 4 mharc |
| Plé: | 8 x PSÁ | NÓ | 6 x PSÁ |
| Comhleanúnachas Ginearálta: | 7/6 mharc grádaithe | | 4 mharc grádaithe |

- Roghnaítear scéim de réir líon na ngnéithe a phléitear
- Ceadaítear creidiúint suas le dhá PSÁ ar a mhéad as suas le dhá shampla (samplaí éagsúla agus i ndáil le gnéithe éagsúla)
- Ceadaítear creidiúint suas le dhá PSÁ ar a mhéad as suas le dhá léaráid lipéadaithe (léaráidí éagsúla agus i ndáil le gnéithe éagsúla)
- Ní foláir cóimheas 1:2 nó 2:1 nó 2:2 nó 1:3 nó 3:1.

## Geo-éiceolaíocht

**Nóta**: Is fearr **trí** ghné nó **ceithre** ghné den téama a phlé go mion, in ionad plé ginearálta a dhéanamh ar líon mór pointí.

**16.** Scrúdaigh an chaoi a dtéann fairsingiú fásaigh agus caomhnú i bhfeidhm ar thréithe ithreacha.

**[80m]**

| | | | |
|---|---|---|---|
| Líon na ngnéithe: | 3 @ 27 + 27 + 26 | | 4 @ 20 marc an ceann |
| Gné a shonrú: | 4 mharc | | 4 mharc |
| Plé: | 8 x PSÁ | NÓ | 6 x PSÁ |
| Comhleanúnachas Ginearálta: | 7/6 mharc grádaithe | | 4 mharc grádaithe |

- Roghnaítear scéim de réir líon na ngnéithe a phléitear
- Ceadaítear creidiúint suas le dhá PSÁ ar a mhéad as suas le dhá shampla (samplaí éagsúla agus i ndáil le gnéithe éagsúla)
- Ceadaítear creidiúint suas le dhá PSÁ ar a mhéad as suas le dhá léaráid lipéadaithe (léaráidí éagsúla agus i ndáil le gnéithe éagsúla)
- Ní foláir cóimheas 1:2 nó 2:1 nó 2:2 nó 1:3 nó 3:1.

**17.** Agus tagairt agat do bhithóm **amháin** a bhfuil staidéar déanta agat air, tabhair cúiseanna leis an gcineál aeráid sa bhithóm agus mínigh tionchar na haeráide seo ar ithreacha agus fhásra sa bhithóm.

**[80m]**

| | | | |
|---|---|---|---|
| Líon na ngnéithe: | 3 @ 27 + 27 + 26 | | 4 @ 20 marc an ceann |
| Gné a shonrú: | 4 mharc | | 4 mharc |
| Plé: | 8 x PSÁ | NÓ | 6 x PSÁ |
| Comhleanúnachas Ginearálta: | 7/6 mharc grádaithe | | 4 mharc grádaithe |

- Roghnaítear scéim de réir líon na ngnéithe a phléitear
- Ceadaítear creidiúint suas le dhá PSÁ ar a mhéad as suas le dhá shampla (samplaí éagsúla agus i ndáil le gnéithe éagsúla)
- Ceadaítear creidiúint suas le dhá PSÁ ar a mhéad as suas le dhá léaráid lipéadaithe (léaráidí éagsúla agus i ndáil le gnéithe éagsúla).

**18.** Pléigh an tionchar a bhíonn ag **trí** cinn ar bith de na tosca a leanas ar fhorbairt ithreacha:

- Ábhar mianrach
- Aer
- Uisce
- Ábhar orgánach.

**[80m]**

| | |
|---|---|
| Líon na ngnéithe: | 3 @ 27 + 27 + 26 |
| Gné a shonrú: | 4 mharc |
| Plé: | 8 x PSÁ |
| Comhleanúnachas Ginearálta: | 7/6 mharc grádaithe |

- Roghnaítear scéim de réir líon na ngnéithe a phléitear
- Ceadaítear creidiúint suas le dhá PSÁ ar a mhéad as suas le dhá shampla (samplaí éagsúla agus i ndáil le gnéithe éagsúla)
- Ceadaítear creidiúint suas le dhá PSÁ ar a mhéad as suas le dhá léaráid lipéadaithe (léaráidí éagsúla agus i ndáil le gnéithe éagsúla).

## Cultúr agus Ionannas

**Nóta**: Is fearr **trí** ghné nó **ceithre** ghné den téama a phlé go mion, in ionad plé ginearálta a dhéanamh ar líon mór pointí.

**19.** Tá mórán grúpaí cultúir ann nach bhfuil a náisiúnstát féin acu.
Déan sin a phlé.

**[80m]**

| | | | |
|---|---|---|---|
| Líon na ngnéithe: | 3 @ 27 + 27 + 26 | | 4 @ 20 marc an ceann |
| Gné a shonrú: | 4 mharc | | 4 mharc |
| Plé: | 8 x PSÁ | NÓ | 6 x PSÁ |
| Comhleanúnachas Ginearálta: | 7/6 mharc grádaithe | | 4 mharc grádaithe |

- Roghnaítear scéim de réir líon na ngnéithe a phléitear
- Ceadaítear creidiúint suas le dhá PSÁ ar a mhéad as suas le dhá shampla (samplaí éagsúla agus i ndáil le gnéithe éagsúla)
- Ceadaítear creidiúint suas le dhá PSÁ ar a mhéad as suas le dhá léaráid lipéadaithe (léaráidí éagsúla agus i ndáil le gnéithe éagsúla).

**20.** Scrúdaigh na slite a gcuireann daoine a gcultúr agus a bhféiniúlacht in iúl sa saol laethúil.

**[80m]**

| | | | |
|---|---|---|---|
| Líon na ngnéithe: | 3 @ 27 + 27 + 26 | | 4 @ 20 marc an ceann |
| Gné a shonrú: | 4 mharc | | 4 mharc |
| Plé: | 8 x PSÁ | NÓ | 6 x PSÁ |
| Comhleanúnachas Ginearálta: | 7/6 mharc grádaithe | | 4 mharc grádaithe |

- Roghnaítear scéim de réir líon na ngnéithe a phléitear
- Ceadaítear creidiúint suas le dhá PSÁ ar a mhéad as suas le dhá shampla (samplaí éagsúla agus i ndáil le gnéithe éagsúla)
- Ceadaítear creidiúint suas le dhá PSÁ ar a mhéad as suas le dhá léaráid lipéadaithe (léaráidí éagsúla agus i ndáil le gnéithe éagsúla).

**21.** Tá tosca cultúrtha éagsúla ag baint le coincheap na féiniúlachta.
Déan an ráiteas sin a phlé agus tú ag tagairt do chás-staidéar **amháin** ar réigiún Eorpach a bhfuil staidéar déanta agat air.

**[80m]**

| | | | |
|---|---|---|---|
| Líon na ngnéithe: | 3 @ 27 + 27 + 26 | | 4 @ 20 marc an ceann |
| Gné a shonrú: | 4 mharc | | 4 mharc |
| Plé: | 8 x PSÁ | NÓ | 6 x PSÁ |
| Comhleanúnachas Ginearálta: | 7/6 mharc grádaithe | | 4 mharc grádaithe |

- Roghnaítear scéim de réir líon na ngnéithe a phléitear
- Ceadaítear creidiúint suas le dhá PSÁ ar a mhéad as suas le dhá shampla (samplaí éagsúla agus i ndáil le gnéithe éagsúla)
- Ceadaítear creidiúint suas le dhá PSÁ ar a mhéad as suas le dhá léaráid lipéadaithe (léaráidí éagsúla agus i ndáil le gnéithe éagsúla).

## Comhshaol an Atmaisféir agus na nAigéan

**Nóta**: Is fearr **trí** ghné nó **ceithre** ghné den téama a phlé go mion, in ionad plé ginearálta a dhéanamh ar líon mór pointí.

**22.** Scrúdaigh an tionchar a bhíonn ag patrúin chúrsaíochta san atmaisféar agus/nó sna haigéin ar an aimsir agus ar na haeráidí ar dhromchla an domhain.

**[80m]**

| | | | |
|---|---|---|---|
| Líon na ngnéithe: | 3 @ 27 + 27 + 26 | | 4 @ 20 marc an ceann |
| Gné a shonrú: | 4 mharc | | 4 mharc |
| Plé: | 8 x PSÁ | NÓ | 6 x PSÁ |
| Comhleanúnachas Ginearálta: | 7/6 mharc grádaithe | | 4 mharc grádaithe |

- Roghnaítear scéim de réir líon na ngnéithe a phléitear
- Ceadaítear creidiúint suas le dhá PSÁ ar a mhéad as suas le dhá shampla (samplaí éagsúla agus i ndáil le gnéithe éagsúla)
- Ceadaítear creidiúint suas le dhá PSÁ ar a mhéad as suas le dhá léaráid lipéadaithe (léaráidí éagsúla agus i ndáil le gnéithe éagsúla).

**23.** Scrúdaigh cineál **amháin** aeráide a bhfuil staidéar déanta agat air.

**[80m]**

| | | | |
|---|---|---|---|
| Líon na ngnéithe: | 3 @ 27 + 27 + 26 | | 4 @ 20 marc an ceann |
| Gné a shonrú: | 4 mharc | | 4 mharc |
| Plé: | 8 x PSÁ | NÓ | 6 x PSÁ |
| Comhleanúnachas Ginearálta: | 7/6 mharc grádaithe | | 4 mharc grádaithe |

- Roghnaítear scéim de réir líon na ngnéithe a phléitear
- Ceadaítear creidiúint suas le dhá PSÁ ar a mhéad as suas le dhá shampla (samplaí éagsúla agus i ndáil le gnéithe éagsúla)
- Ceadaítear creidiúint suas le dhá PSÁ ar a mhéad as suas le dhá léaráid lipéadaithe (léaráidí éagsúla agus i ndáil le gnéithe éagsúla).

**24.** Tabhair cuntas ar an tslí a dtomhaistear feiniméin i gcomhshaol an atmaisféir agus na n-aigéan agus scrúdaigh an tábhacht a bhaineann le tomhais mar seo agus tagairt agat do bhrú, teocht, gaoth agus bogthaise.

**[80m]**

| | |
|---|---|
| Líon na ngnéithe: | 4 @ 20 marc an ceann |
| Gné a shonrú: | 4 mharc |
| Plé: | 6 x PSÁ |
| Comhleanúnachas Ginearálta: | 4 mharc grádaithe |

- Ceadaítear creidiúint suas le dhá PSÁ ar a mhéad as suas le dhá shampla (samplaí éagsúla agus i ndáil le gnéithe éagsúla)
- Ceadaítear creidiúint suas le dhá PSÁ ar a mhéad as suas le dhá léaráid lipéadaithe (léaráidí éagsúla agus i ndáil le gnéithe éagsúla).

## FIOSRÚCHÁN TÍREOLAÍOCHTA

**1. RÉAMHRÁ** (5 mharc):

| | |
|---|---|
| 4 x PSÁ: | 1 mharc an ceann |
| Comhleanúnachas Ginearálta: | 1 mharc |

**2. PLEANÁIL** (5 mharc):

| | |
|---|---|
| 4 x PSÁ: | 1 mharc an ceann |
| Comhleanúnachas Ginearálta: | 1 mharc |

**3. BAILIÚ EOLAIS** (40 marc):

Dhá mhodh/thasc @ 20 marc an ceann

| | |
|---|---|
| I leith gach modha/taisc: | 9 x PSÁ @ 2 mharc an ceann |
| Comhleanúnachas Ginearálta: | 4 mharc grádaithe |

- Caithfidh cuid an bhailiúcháin a bheith bunaithe ar ghníomhaíocht.
- Is féidir glacadh le modh mar thasc ar ionann é agus liosta beart cónasctha a bhaineann le hábhar an bhailithe.
- Is féidir creidiúint a thabhairt as léaráidí/sracléaráidí má bhaineann siad le gníomhaíocht an bhailithe.
- Ná tugtar marcanna as torthaí sa roinn scríofa seo.

**4. TORTHAÍ, TÁTAIL, LUACHÁIL**(30 marc):

Trí theideal @ 8 marc an ceann.

| | |
|---|---|
| I leith gach teidil: | 4 x PSÁ @ 2 mharc an ceann |
| Comhleanúnachas Ginearálta: | 6 mharc grádaithe |

- Bunaítear tátail (conclúidí) go díreach nó go hindíreach ar na torthaí; luacháil atá ann sa chás nach mar sin a dhéantar.
- Is féidir luacháil a dhéanamh i leith a bhfuil i ndán chomh maith leis an am atá caite.
- Ná bronntar marcanna as Torthaí/Tátail/Luacháil ach amháin sa chuid chuí den leabhrán

**5. EAGRÚ AGUS CUR I LÁTHAIR NA dTORTHAÍ** (20 marc):

| | |
|---|---|
| Cur i láthair: | 8 x PSÁ @ 2 mharc an ceann |
| Comhleanúnachas Ginearálta: | 4 mharc grádaithe |

- Cur i láthair in dhá fhoirm ghrafacha ar leith riachtanach – mar shampla, graif / cairteacha / léarscáileanna / táblaí / sracléaráidí etc.
- An cur i láthair le déanamh ar na leathanaigh ghrafpháipéir chuí.
- 4 x PSÁ ar a mhéad in aghaidh an chuir i láthair.

## BRISEADH SÍOS AR NA MARCANNA DON CHUR I LÁTHAIR

**BARRACHAIRT / TREOGHRAF / SCAIPGHRAF etc:**

| | |
|---|---|
| Teideal Oiriúnach: | 1 PSÁ = 2 mharc |
| Ais amháin agus aonaid nó scála breactha uirthi: | 1 PSÁ = 2 mharc |
| Gach ceann de dhá phointe/bharra tarraingthe agus lipéadaithe go cruinn: | 2 PSÁ = 4 mharc |

**PÍCHAIRT:**

| | |
|---|---|
| Teideal Oiriúnach: | 1 PSÁ = 2 mharc |
| Ciorcal a bhfuil an lárphointe go cruinn ann: | 1 PSÁ = 2 mharc |
| Gach ceann de dhá réimse tarraingthe agus lipéadaithe go cruinn: | 2 PSÁ = 4 mharc |

**TÁBLA RANGORDAITHE / TÁBLA:**

**Tábla Ilsraitheanna/Ilcholún**

| | |
|---|---|
| Teideal Oiriúnach: | 1 PSÁ = 2 mharc |
| Boscaí: | 1 PSÁ = 2 mharc |
| Sraitheanna/Colúin x2 lipéadaithe: | 2 PSÁ = 2 + 2 mharc |

**Tábla Sraithe/Colúin Shingil**

| | |
|---|---|
| Teideal Oiriúnach | 1 PSÁ = 2 mharc |
| Boscaí | 1 PSÁ = 2 mharc |
| Sraith/Colún lipéadaithe | 1 PSÁ = 2 mharc |
| Faisnéis ábhartha | 1 PSÁ = 2 mharc |

**SRACLÉARÁID/LÉARSCÁIL:**

| | |
|---|---|
| Teideal Oiriúnach: | 1 PSÁ = 2 mharc |
| Fráma: | 1 PSÁ = 2 mharc |
| Dhá mhír faisnéise a bhaineann le hábhar na dtorthaí: | 2 x PSÁ = 4 mharc |

# Liosta na dTopaicí d'Fhiosrúchán Tíreolaíochta in 2013

- Staidéar ar phatrúin áitiúla tráchta.
- Ceist comhshaoil áitiúil.
- An t-athrú ar an talamhúsáid i gceantar áitiúil – staidéar ar an athrú spásúil agus ar an athrú le himeacht an ama.
- Staidéar déimeagrafach áitiúil.
- Tástáil an hipitéis go bhfuil an creimeadh ina phróiseas gníomhach i dtimpeallacht abhann nó i dtimpeallacht oighreach nó i dtimpeallacht chósta.
- Fiosraigh conas a théann an gheolaíocht i bhfeidhm ar cheantar áitiúil.

## Marcanna Breise as ucht freagairt trí Ghaeilge

Léiríonn an tábla thíos an méid marcanna breise ar chóir a bhronnadh ar iarrthóirí a ghnóthaíonn thar 75% d'iomlán na marcanna.

N.B. Ba chóir marcanna de réir an ghnáthráta a bhronnadh ar iarrthóirí nach ngnóthaíonn thar 75% d'iomlán na marcanna. Ba chóir freisin an marc bónais sin a shlánú síos.

### Iomlán: 400 Gnáthráta: 10%

Bain úsáid as an ngnáthráta i gcás marcanna suas go 300. Thar an marc sin, féach an tábla thíos.

| Bunmharc | Marc Bónais |
|---|---|
| 301 - 303 | 29 |
| 304 - 306 | 28 |
| 307 - 310 | 27 |
| 311 - 313 | 26 |
| 314 - 316 | 25 |
| 317 - 320 | 24 |
| 321 - 323 | 23 |
| 324 - 326 | 22 |
| 327 - 330 | 21 |
| 331 - 333 | 20 |
| 334 - 336 | 19 |
| 337 - 340 | 18 |
| 341 - 343 | 17 |
| 344 - 346 | 16 |
| 347 - 350 | 15 |

| Bunmharc | Marc Bónais |
|---|---|
| 351 - 353 | 14 |
| 354 - 356 | 13 |
| 357 - 360 | 12 |
| 361 - 363 | 11 |
| 364 - 366 | 10 |
| 367 - 370 | 9 |
| 371 - 373 | 8 |
| 374 - 376 | 7 |
| 377 - 380 | 6 |
| 381 - 383 | 5 |
| 384 - 386 | 4 |
| 387 - 390 | 3 |
| 391 - 393 | 2 |
| 394 - 396 | 1 |
| 397 - 400 | 0 |

Fiosrúchán Tíreolaíochta – Ná cuirtear san áireamh san iomlán le haghaidh marcanna breise.

Nóta: Tá fáil ar scéim mharcála mhionathraithe le haghaidh iarrthóirí a thug faoi pháipéar scrúdaithe mionathraithe.

Leathanach Bán

Leathanach Bán

Leathanach Bán

Leathanach Bán